FR	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Creidmheas CETFT	AONUAIRE		EUR	- 45 902,21	0,00	- 45 902,21
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Earráid réamh-mheasta CETFT neamh-IACS	MEASTA DE RÉIR MÉID		EUR	- 28 322 222,52	- 5 257 692,98	- 23 064 529,54
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2019	Earráid réamh-mheasta CETFT neamh-IACS	MEASTA DE RÉIR MÉID		EUR	- 32 179 303,82	- 6 430 188,35	- 25 749 115,47
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Earráidí aitheanta CETFT neamh-IACS	AONUAIRE		EUR	- 3 348,10	- 0,73	- 3 347,37
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2019	Earráidí aitheanta OA1 CETFT	AONUAIRE		EUR	- 89 666,81	0,00	- 89 666,81
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2019	Earráidí aitheanta CETFT neamh-IACS	AONUAIRE		EUR	- 67 934,09	- 17,01	- 67 917,08
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2019	Nós imeachta creidmheasa	AONUAIRE		EUR	- 3 384 771,93	0,00	- 3 384 771,93
					Iomlán FR:	EUR	- 64 093 149,48	- 11 687 899,07	- 52 405 250,41

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
HR	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Cáilíocht neamhleor seiceálacha riaracháin — Beart 14 — CY2019	AONUAIRES		EUR	- 45 541,20	0,00	- 45 541,20
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Cáilíocht neamhleor seiceálacha riaracháin — Beart 14 — CY2019	AONUAIRES		EUR	- 1 348,89	0,00	- 1 348,89
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Cáilíocht neamhleor seiceálacha riaracháin — Beart 14 — CY2020	AONUAIRES		EUR	- 141 649,79	0,00	- 141 649,79
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2022	Cáilíocht neamhleor seiceálacha riaracháin — Beart 14 — CY2021	AONUAIRES		EUR	- 47 784,18	0,00	- 47 784,18
					Iomlán HR:	EUR	- 236 324,06	0,00	- 236 324,06
Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
IT	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT01(AGEA) – CY2017	AONUAIRES		EUR	- 438 049,93	- 8 522,90	- 429 527,03
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT01(AGEA) – CY2018	AONUAIRES		EUR	- 315 902,75	- 102,06	- 315 800,69

	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT01(AGEA) – CY2019	AONUAIRE		EUR	- 301 285,99	0,00	- 301 285,99
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT05(AVEPA) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 9 520,25	- 0,86	- 9 519,39
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT05(AVEPA) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 6 286,14	- 0,11	- 6 286,03
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT05(AVEPA) – CY2019	AONUAIRE		EUR	- 25 266,99	0,00	- 25 266,99
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT08(AGREA) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 2 715,42	- 0,73	- 2 714,69
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT08(AGREA) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 4 453,00	- 0,47	- 4 452,53
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT08(AGREA) – CY2019	AONUAIRE		EUR	- 6 048,05	0,00	- 6 048,05
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT10(ARPEA) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 6 083,08	0,00	- 6 083,08
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT10(ARPEA) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 2 158,35	0,00	- 2 158,35

	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT10(ARPEA) – CY2019	AONUAIRE		EUR	- 3 214,40	0,00	- 3 214,40
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT23(OPRLo) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 7 849,86	- 44,27	- 7 805,59
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT23(OPRLo) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 8 037,65	- 0,82	- 8 036,83
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT24(OPPAB) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 53,94	0,00	- 53,94
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT24(OPPAB) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 165,54	0,00	- 165,54
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT25(APPAG) – CY2017	AONUAIRE		EUR	- 3 517,15	- 0,52	- 3 516,63
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT25(APPAG) – CY2018	AONUAIRE		EUR	- 12 732,00	- 0,47	- 12 731,53
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Córas mícheart smachtbhannaí do M13 — IT25(APPAG) – CY2019	AONUAIRE		EUR	- 4 889,37	0,00	- 4 889,37
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2018	Ráta neamhchomhlíontachta ábhartha measta le haghaidh CETFT neamh-IACS	MEASTA DE RÉIR MÉID		EUR	- 3 434 492,58	0,00	- 3 434 492,58

Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2015	Ráta neamh-chomhlíontachta ábhartha measta le haghaidh uilephobal CETFT neamh- IACS.	AONUAIRES		EUR	- 151 116,42	- 30 566,55	- 120 549,87
Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2016	Ráta neamh-chomhlíontachta ábhartha measta le haghaidh uilephobal CETFT neamh- IACS.	AONUAIRES		EUR	- 135 818,30	- 3 297,32	- 132 520,98
Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2018	Ráta neamh-chomhlíontachta ábhartha measta le haghaidh uilephobal CETFT neamh- IACS.	AONUAIRES		EUR	- 45 034,50	0,00	- 45 034,50
CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta foraoiseachta	2019	gan aon seiceáil chúlghabhálacha tar éis seiceáil ar an láthair má bhraitear difríochtaí i réimsí, bearta foraoiseachta, CY2018	AONUAIRES		EUR	- 9 788,33	0,00	- 9 788,33
CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta foraoiseachta	2020	gan aon seiceáil chúlghabhálacha tar éis seiceáil ar an láthair má bhraitear difríochtaí i réimsí, bearta foraoiseachta, CY2019	AONUAIRES		EUR	- 14 056,58	0,00	- 14 056,58
CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta foraoiseachta	2021	gan aon seiceáil chúlghabhálacha tar éis seiceáil ar an láthair má bhraitear difríochtaí i réimsí, bearta foraoiseachta, CY2020	AONUAIRES		EUR	- 188 404,24	0,00	- 188 404,24

	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta foraoiseachta	2019	I gcás inar modhnaíodh torthaí tar éis seiceálacha ar an láthair, doiciméadacht neamhleor maidir leis an tuarascáil ar an rialú. CY2018	AONUAIRE		EUR	- 1 908,14	0,00	- 1 908,14
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta foraoiseachta	2020	I gcás inar modhnaíodh torthaí tar éis seiceálacha ar an láthair, doiciméadacht neamhleor maidir leis an tuarascáil ar an rialú. CY2019	AONUAIRE		EUR	- 10 692,94	0,00	- 10 692,94
					Iomlán IT:	EUR	- 5 149 541,89	- 42 537,08	- 5 107 004,81
Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
PL	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Leader	2018	Ceartúchán ráta comhréidh 2 % ar fhobheart 19.2 - FY 2018-2020	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 660 187,72	0,00	- 660 187,72
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Leader	2019	Ceartúchán ráta comhréidh 2 % ar fhobheart 19.2 - FY 2018-2020	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 1 762 670,70	0,00	- 1 762 670,70
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Leader	2020	Ceartúchán ráta comhréidh 2 % ar fhobheart 19.2 - FY 2018-2020	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 1 371 204,76	0,00	- 1 371 204,76
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Leader	2021	Ceartúchán ráta comhréidh 2 % ar fhobheart 19.2 - FY 2021	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 1 018 046,98	0,00	- 1 018 046,98

	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Leader	2018	Caiteachas ar thionscadal neamh-incháilithe — M 19.2 (cabhair: 50 000 PLN, AE dearbhaithe: 7 598,93 EUR) FY2018	AONUAIRE		EUR	- 7 598,93	- 7 598,93	0,00
	An Fhorbairt Tuaithe – infheistíocht CETFT – tairbhíthe príobháideacha	2018	Caiteachas ar thionscadal neamh-incháilithe — M 4.1 (3 thairbhí, cabhair: 900 000 PLN, AE dearbhaithe: 3 x 135 829,32 EUR)	AONUAIRE		EUR	- 407 487,96	- 83 626,55	- 323 861,41
	Neamhrialtachtaí	2013	toradh 3: Faillí déanta i sainathint na neamhrialtachta, an deis an ráthaíocht bhainc a úsáid cailte	AONUAIRE		EUR	- 3 617 189,90	0,00	- 3 617 189,90
	Neamhrialtachtaí	2013	toradh 5: Ceartú/cealú an fhéich gan údar cuí	AONUAIRE		EUR	- 21 599,26	0,00	- 21 599,26
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2018	toradh 5: Ceartú/cealú an fhéich gan údar cuí	AONUAIRE		EUR	- 225,66	0,00	- 225,66
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2018	Torthaí 1&2: iarrataí déanacha ar aisghabháil, agus clárú déanach na bhfiach i mórleabhar an fhéichiúnaí	AONUAIRE		EUR	- 3 136 244,08	0,00	- 3 136 244,08
					Iomlán PL:	EUR	- 12 002 455,95	- 91 225,48	- 11 911 230,47

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
PT	Deimhniú	2016	CETFT — Gan cloí leis an spriocdháta 18ú mí	AONUAIRE		EUR	- 90 373,50	0,00	- 90 373,50
	Deimhniú	2017	CETFT — Gan cloí leis an spriocdháta 18ú mí	AONUAIRE		EUR	- 121 446,03	0,00	- 121 446,03
					Iomlán PT:	EUR	- 211 819,53	0,00	- 211 819,53
Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
SE	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Ní dhearnadh seiceálacha iomchuí ar an gcomhlíontacht le gealltanais fhadtéarmacha – M10 - CY2019	MEASTA DE RÉIR CÉADATÁIN	10,42%	EUR	- 270 499,84	0,00	- 270 499,84
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Ní dhearnadh seiceálacha iomchuí ar an gcomhlíontacht le gealltanais fhadtéarmacha – M10 - CY2019	MEASTA DE RÉIR CÉADATÁIN	10,42%	EUR	- 8 814,72	0,00	- 8 814,72
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Ní dhearnadh seiceálacha iomchuí ar an gcomhlíontacht le gealltanais fhadtéarmacha – M10 - CY2020	MEASTA DE RÉIR CÉADATÁIN	10,42%	EUR	- 73 488,51	0,00	- 73 488,51
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2021	Bainistiú fiachais CETFT FY2021	AONUAIRE		EUR	- 7 317,24	0,00	- 7 317,24

	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Earráidí sna cuntais	AONUAIRE		EUR	- 11 350,94	0,00	- 11 350,94
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Fógra roimh ré maidir leis na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M14 – CY2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 30 274,84	0,00	- 30 274,84
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Fógra roimh ré maidir leis na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M14 – CY2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	67,24	0,00	67,24
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Fógra roimh ré maidir leis na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M14 – CY2020	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 13 783,00	0,00	- 13 783,00
	Imréiteach Cuntas – Imréiteach Airgeadais	2020	Nósanna imeachta aisghabhála CETFT	AONUAIRE		EUR	- 41 593,25	0,00	- 41 593,25
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2020	Uainiú na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M10 – CY2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 20 959,89	0,00	- 20 959,89
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Uainiú na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M10 – CY2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 683,02	0,00	- 683,02
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2021	Uainiú na seiceálacha ar an láthair le haghaidh M10 – CY2020	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 13 075,52	0,00	- 13 075,52
					Iomlán SE:	EUR	- 491 773,53	0,00	- 491 773,53

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	- 87 982 652,64	- 11 825 999,89	-76 156 652,75

Ceartuithe airgeadais – ón traschomhlíontacht

Mír Bhuiséid: 6201

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
BG	Traschomhlíontacht	2018	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 109 842,93	- 5 177,34	- 104 665,59
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 2 475,99	- 1,53	- 2 474,46
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 223,61	0,00	- 223,61
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 79,78	0,00	- 79,78
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 383 726,11	- 220,85	- 383 505,26
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 335,93	0,00	- 335,93
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 974,23	0,00	- 974,23
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 378 724,65	- 55,57	- 378 669,08
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 87,14	0,00	- 87,14
					Iomlán BG:	EUR	- 876 470,37	- 5 455,29	- 871 015,08

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
IT	Traschomhlíontacht	2018	Ainmhithe 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 236 809,06	- 293,78	- 236 515,28
	Traschomhlíontacht	2019	Ainmhithe 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 119 438,77	- 183,84	- 119 254,93
	Traschomhlíontacht	2020	Ainmhithe 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 22 591,35	0,00	- 22 591,35
	Traschomhlíontacht	2021	Ainmhithe 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 2 619,83	0,00	- 2 619,83
	Traschomhlíontacht	2018	2017 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 9 610,36	- 11,07	- 9 599,29
	Traschomhlíontacht	2019	2017 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 6 124,54	- 9,62	- 6 114,92
	Traschomhlíontacht	2020	2017 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 1 002,03	0,00	- 1 002,03
	Traschomhlíontacht	2021	2017 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 70,24	0,00	- 70,24
	Traschomhlíontacht	2019	Ainmhithe 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 167 717,89	- 296,24	- 167 421,65
	Traschomhlíontacht	2020	Ainmhithe 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 152 150,46	0,00	- 152 150,46
	Traschomhlíontacht	2021	Ainmhithe 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 7 399,14	0,00	- 7 399,14
	Traschomhlíontacht	2019	2018 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 6 952,22	- 10,77	- 6 941,45

	Traschomhlíontacht	2020	2018 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 6 557,68	0,00	- 6 557,68
	Traschomhlíontacht	2021	2018 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 362,34	0,00	- 362,34
	Traschomhlíontacht	2020	Ainmhithe 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 254 482,30	0,00	- 254 482,30
	Traschomhlíontacht	2021	Ainmhithe 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 9 978,78	0,00	- 9 978,78
	Traschomhlíontacht	2020	2019 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 12 467,28	0,00	- 12 467,28
	Traschomhlíontacht	2021	2019 GAEC 7	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	- 408,50	0,00	- 408,50
	Traschomhlíontacht	2018	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 58 027,83	- 95,42	- 57 932,41
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 4 486,98	- 1,48	- 4 485,50
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 620,13	0,00	- 620,13
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2017	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 660,26	0,00	- 660,26
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 109 932,86	- 38,20	- 109 894,66
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 12 802,88	0,00	- 12 802,88
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2018	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 225,38	0,00	- 225,38
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 56 540,47	- 1,24	- 56 539,23

	Traschomhlíontacht	2020	CY 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 58 374,00	- 1,28	- 58 372,72
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2019	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 4 162,00	- 0,09	- 4 161,91
					Iomlán IT:	EUR	- 1 322 575,56	- 943,03	- 1 321 632,53
Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
LT	Traschomhlíontacht	2018	CY 2017 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 63 231,06	- 7,76	- 63 223,30
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2017 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 294,63	0,00	- 294,63
	Traschomhlíontacht	2018	CY 2017 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 17 114,42	- 2,41	- 17 112,01
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2017 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 246,10	0,00	- 246,10
	Traschomhlíontacht	2018	CY 2018 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 4 607,98	0,00	- 4 607,98
	Traschomhlíontacht	2019	CY 2018 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 421 945,10	- 1 321,53	- 420 623,57
	Traschomhlíontacht	2020	CY 2018 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 15,04	0,00	- 15,04
	Traschomhlíontacht	2021	CY 2018 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 78,94	0,00	- 78,94

Traschomhlíontacht	2018	CY 2018 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 29,91	0,00	- 29,91
Traschomhlíontacht	2019	CY 2018 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 96 473,41	- 188,25	- 96 285,16
Traschomhlíontacht	2020	CY 2018 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 99,22	0,00	- 99,22
Traschomhlíontacht	2019	CY 2019 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 5 223,81	0,00	- 5 223,81
Traschomhlíontacht	2020	CY 2019 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 353 342,83	- 1 792,92	- 351 549,91
Traschomhlíontacht	2021	CY 2019 le hainmhithe 10 %	RÁTA COMHRÉIDH	10,00%	EUR	- 0,19	0,00	- 0,19
Traschomhlíontacht	2020	CY 2019 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 74 437,05	- 275,57	- 74 161,48
Traschomhlíontacht	2021	CY 2019 gan ainmhithe 3 %	RÁTA COMHRÉIDH	3,00%	EUR	- 13,92	0,00	- 13,92
				Iomlán LT:	EUR	- 1 037 153,61	- 3 588,44	- 1 033 565,17

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	- 3 236 199,54	- 9 986,76	- 3 226 212,78

Deireadh le fionraíochtaí

CETFT

Mír Bhuiséid: 08030102 / 6201

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe	Fionraíochtaí a bhfuil deireadh leo
CZ	An Fhorbairt Tuaithe – infheistíocht CETFT – tairbhíthe príobháideacha	2019	Deireadh le fionraíocht arna cruthú le cinneadh C(2020)1857	AONUAIRE		EUR	- 30 606,96	0,00	0,00	30 606,96
					Iomlán CZ:	EUR	- 30 606,96	0,00	0,00	30 606,96

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe	Fionraíochtaí a bhfuil deireadh leo
EUR	- 30 606,96	0,00	0,00	30 606,96

Aisíocaíochtaí

CERT

Mír Bhuiséid: 08020601

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
IT	Cabhracha Díreacha Díchúpláilte	2018	Aisíocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-221/21	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	63 295 659,16	0,00	63 295 659,16
	Cabhracha Díreacha i ndáil le smacht airgeadais a aisíoc	2018	Aisíocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-221/21	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	0,00	0,00	0,00

	Tacaíocht Chúpláilte Dheonach	2018	Aisiocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-221/21	RÁTA COMHRÉIDH	2,00%	EUR	4 072 613,83	0,00	4 072 613,83
					Iomlán IT:	EUR	67 368 272,99	0,00	67 368 272,99

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	67 368 272,99	0,00	67 368 272,99

CETFT

Mír Bhuiséid: 08030102

Ballstát	Beart	FY	Cúis	Cineál	Ceartúchán %	Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
RO	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2017	Aisiocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-33/21	RÁTA COMHRÉIDH	25,00%	EUR	7 674 875,25	0,00	7 674 875,25
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2018	Aisiocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-33/21	RÁTA COMHRÉIDH	25,00%	EUR	10 958 924,68	0,00	10 958 924,68
	CETFT – An Fhorbairt Tuaithe – Bearta faoi réir IACS	2019	Aisiocaíocht tar éis an bhreithiúnais ar chás T-33/21	RÁTA COMHRÉIDH	25,00%	EUR	83 675,15	0,00	83 675,15
					Iomlán RO:	EUR	18 717 475,08	0,00	18 717 475,08

Airgeadra	Ollmhéid	Asbhaintí	Glanmhéid Cinntithe
EUR	18 717 475,08	0,00	18 717 475,08

CINNEADH (AE) 2023/1409 ÓN gCOIMISIÚN
an 4 Iúil 2023

lena dtugtar treoir do Riarthóir Lárnach Chlárlann an Aontais barrachas an Aontais a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe ag deireadh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Leasú Doha ar Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus comhlíonadh comhpháirteach na ngealltanais faoi ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinne an tAontas Leasú Doha ar Phrótacal Kyoto a ghabhann le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a thabhairt i gcrích. Le Leasú Doha bunaíodh an dara tréimhse gealltanais de Phrótacal Kyoto, dar tús an 1 Eanáir 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2020.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle, gach aonad den mhéid sannta a eisíodh le haghaidh an dara tréimhse gealltanais a bheidh ar fáil i gClárlann an Aontais tar éis don Aontas a oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh agus tar éis aon aistriú aonad den mhéid sannta de bhun gníomhartha cur chun feidhme a glacadh ar bhonn Airteagal 10(7) de Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ('barrachas an Aontais'), déanfar iad a thabhairt ar ais do na Ballstáit ag deireadh an dara tréimhse gealltanais.
- (3) Tar éis sciar na bhfáltais is infheidhme a aistriú chuig an gCiste Oiriúnaithe, tá glanbharrachas Aontais de 2 215 147 885 aonad de mhéid sannta i gClárlann an Aontais. Ba cheart na haonaid sin a thabhairt ar ais do na Ballstáit agus don Ríocht Aontaithe ⁽³⁾ i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Chinneadh (AE) 2015/1339 ón gComhairle.
- (4) Ba cheart don Choimisiún treoir a thabhairt do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais na haonaid a chur ar ais chuig na Ballstáit agus chuig an Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Tugann an Coimisiún treoir do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais na haonaid den mhéid sannta a chur ar ais chuig cuntais a Beilge, na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na Danmhairge, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Fraince, na Gearmáine, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Laitvía, na Liotuáine, Lucsamburg, Mhálta, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Seicia, na Slóivéine, na Slóvaice, na Spáinne, na Sualainne, na Ríochta Aontaithe, agus na hUngáire, na haonaid mhéid sannta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Frans TIMMERMANS
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

⁽¹⁾ IO L 207, 4.8.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le sásra chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun faisnéis eile atá ábhartha don athrú aeráide a thuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 280/2004/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 13).

⁽³⁾ IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 59.

IARSCRÍBHINN

Ballstát	Aonaid den mhéid sannta de bharrachas leithdháilte an Aontais
An Ostair	13 779 438
An Bheilg	21 010 620
An Bhulgáir	129 595 427
An Chróit	7 379 327
An Chipir	1 611 575
An tSeicia	136 916 575
An Danmhairg	13 496 692
An Eastóin	52 162 070
An Fhionlainn	8 895 367
An Fhrainc	102 390 482
An Ghearmáin	200 540 800
An Ghréig	16 329 385
An Ungáir	110 193 391
Éire	11 665 373
An Iodáil	81 862 104
An Laitvia	41 199 008
An Liotuáin	72 359 623
Lucsamburg	2 472 803
Málta	315 853
An Ísiltír	31 245 242
An Pholainn	306 866 601
An Phortaingéil	13 660 512
An Rómáin	503 842 880
An tSlóvaic	77 068 229
An tSlóivéin	3 376 854
An Spáinn	60 009 461
An tSualainn	13 580 833
An Ríocht Aontaithe	181 321 357

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1410 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Iúil 2023

Ilena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte agus measúnú bitheolaíoch ar fheistí leighis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, feistí atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó leis na codanna ábhartha de na caighdeáin sin, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.
- (2) Cuireadh Rialachán (AE) 2017/745 in ionad Threoracha 90/385/CEE ⁽³⁾ agus 93/42/CEE ⁽⁴⁾ ón gComhairle ón 26 Bealtaine 2021.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406 ⁽⁵⁾, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil go ndéanfaí athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana maidir le feistí leighis, caighdeáin a forbraíodh chun tacú le Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE agus go ndrúchtófaí caighdeáin chomhchuibhithe nua chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745.
- (4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406, rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú agus Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil athbhreithniú breise ar an gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus rinne siad athbhreithniú ar an gcaighdeán comhchuibhithe EN ISO 10993-10:2013, caighdeán nár foilsíodh tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí a chur san áireamh agus chun tacú le ceanglais Rialachán (AE) 2017/745. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019 maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte agus gur glacadh an caighdeán comhchuibhithe athbhreithnithe EN ISO 10993-10:2023 maidir le measúnú bitheolaíoch ar fheistí leighis.
- (5) Maidir le leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 25424:2019 agus EN ISO 10993-10:2023, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus le Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil féachaint an gcomhlíonann an leasú sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

⁽³⁾ Treoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí leighis so-ionchlannaithe gníomhacha (IO L 189, 20.7.1990, lch. 17).

⁽⁴⁾ Treoir 93/42/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le feistí leighis (IO L 169, 12.7.1993, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil, i ndáil le feistí leighis chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i ndáil le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

- (6) Maidir le leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 25424:2019 agus EN ISO 10993-10:2023, comhlíonann siad na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm acu a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/745. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 25424:2019 agus EN ISO 10993-10:2023 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (7) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ liostaítear na tagairtí do na caighdeán chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745.
- (8) Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745, ba cheart na tagairtí do leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán chomhchuibhithe EN ISO 25424:2019 agus EN ISO 10993-10:2023 a áireamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182 a leasú dá réir.
- (10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán chomhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽⁶⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1182 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 maidir leis na caighdeán chomhchuibhithe i ndáil le feistí leighis a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 256, 19.7.2021, lch. 100).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 5:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
'5.	EN ISO 25424:2019 Steiriliú táirgí cúraim sláinte - Gal agus formaildéad teochta ísil - Ceanglais ghinearálta maidir le forbairt, bailíocht agus gnáth-rialú an phróisis steirilithe le haghaidh feistí leighis (ISO 25424:2018) EN ISO 25424:2019/A1:2022;

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
'17.	EN ISO 10993-10:2023 Measúnú bitheolaíoch ar fheistí leighis - Cuid 10: Tástálacha le haghaidh íogróid craicinn (ISO 10993-10:2021).

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1411 ÓN gCOIMISIÚN
an 4 Iúil 2023

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 a mhéid a bhaineann le caighdeán comhchuibhithe maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, feistí atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó leis na codanna ábhartha de na caighdeáin sin, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin sin, ceanglais a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi na codanna sin díobh.
- (2) Cuireadh Rialachán (AE) 2017/746 in ionad Threoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ ón 26 Bealtaine 2022.
- (3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406 ⁽⁴⁾, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil go ndéanfaí athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, caighdeáin ar chun tacú le Treoir 98/79/CE a forbraíodh iad, agus go ndrúchtófaí caighdeáin chomhchuibhithe nua chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746.
- (4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406, rinne an Coiste Eorpach um Chaighdeánú agus Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil athbhreithniú arís ar na caighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 25424:2019, nár foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí a chur san áireamh, agus chun tacú le ceanglais Rialachán (AE) 2017/746. Mar thoradh air sin, glacadh leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019 maidir le steiriliú táirgí cúraim sláinte.
- (5) Maidir le leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus le Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil féachaint an gcomhlíonann an leasú sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406.
- (6) Maidir le leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019, comhlíonann sé na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm aige a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/746. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt do leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

⁽³⁾ Treoir 98/79/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 1998 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* (IO L 331, 7.12.1998, lch. 1).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2406 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictreicniúil, a mhéid a bhaineann le feistí leighis chun tacú le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

- (7) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 ón gCoimisiún ⁽³⁾ liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746.
- (8) Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746, ba cheart an tagairt do leasú EN ISO 25424:2019/A1:2022 ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 25424:2019 a áireamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 a leasú dá réir.
- (10) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1195 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2021 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 258, 20.7.2021, lch. 50).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 4:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
'4.	EN ISO 25424:2019 Steiriliú táirgí cúraim sláinte - Gal agus formaildeád teochta ísil - Ceanglais ghinearálta maidir le forbairt, bailíocht agus gnáth-rialú an phróisis steirilithe le haghaidh feistí leighis (ISO 25424:2018) EN ISO 25424:2019/A1:2022.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)